

LUACH NA BÓ.

114

Bhí fear bocht fadó ann, agus bhí muirghin fhada aige. Ní raibh aon ghreim le n-ithe aige fhéin ná aca fhéin. Bhí aon bhó amháin aige. Chuaidh sé leis an mbó chun an aonaigh. Dhíol sé an bhó. Fuair sé chúig phunt uirthé. Nuair a bhí sé ag tigheacht abhaile casadh corp dhó, a bhí a dhul chun na roilig dhá chur. Tháinig cúigear fear eile leis an gcorp a chur. Bhaineadar dhíob an corp. Leagadar i lár an bhóthair é. Dubhairt gach aon fear den chúigear, nach bhfágadh sé é seo go bhfágadh gach aon duine aca punt a bhí aca air. Bhíodar fhéin agus an cúigear ag achrann, an ceathrar ag iarraidh an corp a chur, agus an cúigear eile dá coinneál. Nuair a casadh fear eile leob a bhí ag tigheacht ón aonach. D'fhiafrúigh fear ón aonach díobh "céard a bhí orthab?".

115

"Tá", adeir fear den chúigear, "punt atá ag gach aon duine againn ar an gcorp, agus níl muid a ghuil cead a thabhairt é a chur go bhfágamuid ar gcuid fhéin".

"Is olc an ceart", ar seisean, "gan an corp a chur".

"Tá chúig phunt agam fhéin", adeir sé, "agus tiubhraidh mé dhíb iad". Thug sé punt do chaon duine den chúigear. Ghlacadar buidheachas leis. D'imithigh seisean ina bhealach fhéin a' déanamh ar an mbaile agus gan pinghinn ar bith aige de luach na bó. An ceathrar a bhí a dhul ag cur an chorp, d'imthigeadar fhéin agus an corp acab. Nuair a bhí cúpla míle siubhailte ag fear na bó, tháinig fear suas leis sa mbóthar. Bhíodar sgathamh ag siubhal, i néinfheacht. D'fhiafrúigh sé den fhear a tháinig suas leis cá raibh sé fhéin a ghuil.

"Tá mé a ghuil a tóraidheacht fear a thiubhraidh aimsir dom nó saothrú páidhe".

"Níl aon ghnaithe agam dhíot", arsa fear na bó.

116

"Níl aon ghreim le n-ithe agam dhom fhéin anocht, ná mo chlann, mara bhfuil fhéin, má leigeann tú mise leat tiubhraidh mé congnamh dhuit le iad a thógail".

"Níl aon ghnaithe agam dhuit", ar seisean.

"Níl aon ghreim le n-ithe agam féin, ná acab san, ach an oiread liom fhéin".

"Is fearr dhuit mise a leigean leat, mar sin fhéin."

"An áit a bhfuighidh tú rud le n-ithe dhuit fhéin, gheobhfaidh tú dhomsa é."

"Teanam uait, mar sin", adeir sé.

Shiubhladar leob go dtáinigeadar isteach ag an mbean agus ag na páistí a d'fhága seisean ina dhiadh. Shuidh an bheirt síos.

"Is fearr dhuit", adeir bean a tighe, "má tá airgead agat, luach rud le n-ithe a thabhairt dhom".

117

"Dheaman pinginn rua nó geal a gabhail liomsa".

"Agus céard a rinne tú, le luach na bó?"

"Casadh corp ar an mbóthar liom, agus ceathrar fear a bhí a dhul dhá chur agus cúigear eile inéinfeacht leobh, nach leigfeadh dhíob a chur chor ar bith. Bhíodar féin a bualadh a chéile agus d'fhiafruigh mé dhíob céard a bhí orthab. Dubhairt gach aon fhear den chúigear go raibh punt ag chaon fhear acab air agus nach gcuirfidhe go bráthach é go bhfágaidís féin a gcuid fhéin. Bhí chúig phunt agamsa agus thug mé punt do chaon duine acab dhe".

"Go dtuga Dia trócaire dhuit, is maith a rinne tú cead a thabhairt dóibh an corp a chur".

"Cén chiall nach dtéigheann tú amach ag tóraidheacht rud le n-ithe", adeir an fear a fuair sé ar an mbóthar.

118

"Níl fhios agam", adeir fear an tighe, "cé ngabhfainn nó cé bhfuighinn é". "Ní bheidh mise mar sin, beidh fhios agam fhéin cé bhfuighidh mé é".

D'éirigh sé ina sheasamh agus bhuail sé fhéin amach agus is gearr a bhí sé amuich nuair a tháinig sé agus caora mhaith reamhar aige. Rug sé ar a sgian agus leag sé chuige í agus ní mórán achair go raibh píosa den chraiceann bainte dhí aige. Níor fhán sé leis an gcraiceann eile a bhaint dhí gur chuir sé a lán, sa bpota dhí. D'ithe gach aon duine acab a dhóthain agus a mhór-dhóthain dhí. Ar maidin i mbárach chuir sé bean a' tighe chun a bhaile mhóir, le ceathramhú dhí agus leis an gcraiceann agus an olann.

119

Dubhairt sé léithe más beag mór, a gheobhfadh sí orthab, a luach mine a thabhairt chucab.

Nuair a tháinig an oidhche aríst, níor fhan sé a bfadh go ndeacaidh sé amach arís, is go dtug sé ceann eile leis. Bhí na gasúir a' feabhsú is a reamhrú, is a tigheacht chucab fhéin, go rí-cheart. Bhí dreatháir eile aige a bhí saidhbhir. Is uaidh sin a bhí sé ag goid na gcaorach. Bhí sean bhean de mháthair i dteach an fhir shaidhbhir, máthair na mná.

"Cuiridh mise sa gcomhra", ar sise agus "iarraidh loisdín oidhche don chomhra, is gach teach agus is gearr go mbeidh fhios agam-sa, thrí pholl na glaise cén teach, a bhfuil na caora dá marbhú ann".

Cuireadh an chailleach sa gcomhra, agus dhíol seachtaine de bhiadh léithe. Bhí an chailleach a fagháil loistín sa chuile teach, go dtáinig sí sa teach a raibh na caoirigh dá n-ithe ann.

120

Nuair a bhí an suipéar dá ithe ann, an chailleach sa gcomhra agus an comhra sa gclúid, bhí sí a breathnú amach ortaibh trí pholl na glaise orthab. Chonnaic ceann de na páiste an tsúil sa gcómhra.

“Féach an tsúilín, sa gcomhra”, adeir an páiste, “an tsúilín sa gcomhra, an tsúilín sa gcomhra”.

“Is gearr go mbeidh fhios agam-sa, céard tá sa gcomhra”, adeir luach na bó. Déirigh sé ina sheasamh. Rug sé ar chlár na comhra agus thóg sé é. Bhí an chailleach, ina suidhe sa gcomhra. Rug sé ar chrámh ceathrú, caorach agus chuir sé siar ina bhéal é, agus síos ina píobán é. Dhúin sé an comhra arís uithre agus dfhág sé annsin í.

121

Nuair a thugaidh an comhra abhaile, bhí an cailleach cáillte ar thóin na comhra.

“Is maith a bhí fhios agamsa”, adeir fear an tighe, “gurb é sin an bás a gheobhfadh sí”.

Tógadh aníos as an gcomhra í, agus cuireadh torramh mhaith uirthé an oidhche sin. Lár na bhárach cuireadh í. Nuair a tháinig an oidhche agus chuaidh na daoine chun suaimhnis, chuaidh luach na bó agus thóg sé as an roilig aríst í, agus an bullán a b’fhearr a bhí ag an dreatháir saidhbhear, bhí sé marbh ina staic sa tsráid, agus í na seasamh ina éadan, leis an sgian.

“Is maith a bhí a fhíos a’m-sa”, adeir inghean na caillighe, “nár chuir tú ceart í, dá gcuirteá í ceart, airgid léithe ní éireochadh sí”.

“Ní bheidh sí mar sin” .

“Gabhfaidh a ceart anois léithe, má tá sé ann”.

122

Cuireadh máilín maith óir faoi’n a ceann anois, an iarraidh sin.

Fuair luach na bó amach go raibh an dreatháir le himtheacht san oidhche agus ní raibh aon chapall aige, ach capall a raibh bromach aice, agus bhí an bromach ar stábla inéinfeacht léithe i gcomhnaidhe. Bhí luach na bó ar siubhal go bhfuair sé claidheamh, i n-áit éicint. Chuaidh sé chun na roilig agus thóg sé an chailleach aríst as, agus an máilín óir. Thug sé leis an chailleach agus cheangail sé í ar an mbromach. Nuair d’éirigh fear an tighe, ar deire na hoidhche, leis an capall a fhágail, níor bhreathnuigh sé ar an mbromach. Bhí luach na bó i gcoirnéal éicint den stábla. Nuair a fuair sé é sin agus an capall sgathamh beag ón dorus, sgaoil sé amach an bromach ina dhiadh agus an chailleach agus an claidheamh aice tarraingthe, aice óna ngualainn ceangailte aige ar an dorus.

123

Nuair a d’airigh an fear a bhí ag marcaidheacht ar an gcapall an torann ina dhiadh, bhreathnuigh sé ina dhiadh, agus chonaic sé an chailleach ag tigheacht agus an claidheamh tarraingthe ó mhaol a ghualainn aice, leis an gcloigeann a bhaint dhe.

Sgannruigh sé agus shíl sé go mba í an chailleach cheart, a bhí ann agus thuit sé den chapall, gur marbhuiheadh é. Bhí sé fhéin agus an chailleach le torramh, an oidhche sin inéinfeacht. D’fhógair bean an tighe amach, i lár na bhárach, leith a raibh istigh is amuich, a raibh aice, a thabhairt do dhuine ar bith a chonneóchadh an chailleach sa roilig. Dubhairt

luach na bó go ndéanfadh sé fhéin é. Chuaidh luach na bó ag faire na roilige, an oidhche sin, nuair a cuireadh ann iad, agus tháinig sé amárach ag iarraidh an ghealltanais.

124

Bhí teine mhaith faduighthe ar maidín aice, nuair a tháinig sé isteach go dtí í.

“Ar tháinig aon duine aréir chugat”, adeir sé léithe.

“Níor tháinig”, adeir sí, “aon duine aréir chugam”.

“Tá sé chomh maith dhuit, mo ghealltanús fhéin a thabairt dhom”, adeir sé.

“Tiubhraidh agus fáilte”, arsa sise.

“Tubhair dhom an tlú anois”, adeir sé.

Rinne sí dá leith den teine.

“Nár bhreágh dheas an teine í”, adeir sí, “sul má leag mise an tlú uirthé”.

“Badh eadh”, adeir sise.

“Mar sin a bhéas, le chuile bhlas dá bhfuil annseo, nuair a gheobhfas gach duine a chuid fhéin dhe”.

“Is beag a bhéas fágtha.

“Is beag”, ar sise, adeir sí

“Má gníonn tú mo chomhairle,” adeir sé. “ní déanfamuid é a roinnt” ar sé, ach fanfamuid beirt inéinfeacht.”

125

“Níl aon locht agam air”, ar sise.

Lá ar na bhárach cuireadar fhéin, ar cléireach maide, agus ar sagart méise, gur cuireadar pósadh croisín ortha.